# SCÉIM DEONTAIS D'FHOIRGNIMH THRAIDISIÚNTA FEIRME 2025

## SCIAR 10

# TREOIR IARRATAIS

## EANÁIR 2025

INSÍTEAR SA DOICIMÉAD SEO DUIT CÉ ATÁ I DTEIDEAL IARRATAS A DHÉANAMH AR MHAOINIÚ, AN MÉID IS FÉIDIR LEAT IARRATAS A DHÉANAMH AIR, AN MÉID NACH MÓR D'IARRATAS A THAISPEÁINT, AN PRÓISEAS MEASÚNAITHE AGUS SPRIOCDHÁTAÍ. TÁ FAISNÉIS ÁBHARTHA EILE ANN FREISIN.

IS DOICIMÉAD AR LEITH IAD TÉARMAÍ & COINNÍOLLACHA NA SCÉIME AGUS NÍ MÓR IAD A LÉAMH.

Co-funded by the European Union

MAOINÍTEAR AN SCÉIM SEO FAOI SHOCRUITHE IDIRTHRÉIMHSEACHA CHLÁR FORBARTHA TUAITHE 2014-20 - AN CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE SAN EORAIP (N+3)

## RÉAMHRÁ

Riarann an Chomhairle Oidhreachta Scéim Deontais d'Fhoirgnimh Thraidisiúnta Feirme chun foirgnimh thraidisiúnta feirme **agus struchtúir ghaolmhara eile** a chaomhnú agus a dheisiú i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. D'ullmhaigh an Chomhairle Oidhreachta an doiciméad seo chun cabhrú le hiarratais ar an scéim deontais seo a chomhlánú.

## CÚLRA

Leanann scéim Deontais d'fhoirgnimh thraidisiúnta feirme ar aghaidh ag cur leis an rath a bhí ar Scéim Deontais d'Fhoirgnimh Thraidisiúnta Feirme GLAS (2016-2022) nuair a caomhnaíodh níos mó ná 580 foirgneamh ar fud na hÉireann le haghaidh úsáid talmhaíochta agus aimsíodh agus caomhnaíodh os cionn 300 fara speiceas faoi chosaint nach raibh ar eolas roimhe seo. Caomhnaítear struchtúir chosúla eile, clós dhoirneogach, cairn aolaigh, geataí iarann buailte, áirsí clós fierme, ullórd daingean agus ballaí pairce ina measc. Is féidir féachaint ar rogha tionscadal a fhaigheann tacaíocht faoin scéim deontais anseo:
https://www.heritagecouncil.ie/projects/traditional-farm-buildings-grant-scheme

Cuirfear deontais ar fáil do rannpháirtithe chun oibreacha caomhnaithe ceadaithe a dhéanamh ar fhoirgnimh thraidisiúnta feirme, lena n-áirítear díonta, ballaí, deisiúcháin struchtúracha, fuinneoga agus doirse.

Beidh deontais ar fáil freisin do struchtúir ghaolmhara eile amhail dromchlaí clóis stairiúla agus gnéithe tírdhreacha timpeall an chlóis fheirme ar nós ballaí, colúin gheata agus geataí. **Tá sé i gceist go mbeidh thuas go €500,000 ar fail chun struchtúir chosúla eile a dheisiú.**

Le bheith incháilithe don scéim, ní mór carachtar oidhreachta ailtireachta nó dúchasach a bheith ag foirgnimh agus struchtúir ghaolmhara eile, cur lena suíomh agus gan a bheith sáraithe ag foirgnimh nua-aimseartha ar mhórscála**.** Tá an scéim deontais an- iomaíoch, agus táthar ag súil go dtacófar le 60 - 80 tionscadal in aghaidh na bliana. Ba chóir go mbeadh sé éasca agus saor iarratas a dhéanamh cé go dtógfaidh sé am é a chomhlánú.

## CUSPÓIR

Is é príomhchuspóir na scéime seo ná a chinntiú go gcaomhnaítear foirgnimh thraidisiúnta feirme agus struchtúir ghaolmhara eile a chuireann le carachtar an tírdhreacha, agus a bhfuil luach suntasach oidhreachta ag baint leo, lena n-úsáid

talmhaíochta.
Beidh sé mar chuspóir ag an scéim go mbainfear amach scaipeadh geografach réasúnta do na tionscadail.

## CÉ ATÁ IN ANN IARRATAS A DHÉANAMH AR AN SCÉIM SEO?

**Tá an Scéim ar oscailt d'fheirmeoirí <u>AMHÁIN</u> a bhfuil glacadh leis agus a bhfuil ag glacadh páirt ins na scéim Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara seo a leanas:**

(i) Rannpháirtí faofa de chuid ACRES.

(ii) Rannpháirtí i EIP (Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach) scairt 1, 2 agus 3, tionscadal cromán na gcearc, tionscadal diúilicín péarla agus Clár na Bhoirne a bhí mar rannpháirtí gníomhach ar an 31ú Nollaig 2022 nó a bhfuil an téarma iomlán den conradh de chuid an EIP ábharta, nó a bhfuil conradh de chuid cúig bliana críochnaithe, mar is cuí.

(iii) Rannpháirtí faofa de chuid Scéim Feirmeoireachta Orgánach.

**<u>Agus</u>**

Atá ina úinéir an fhoirgnimh/ struchtúir ghaolaigh eile a bhfuil maoiniú á lorg ina leith nó atá ag gníomhú le cead an úinéara (agus sa chás sin ní mór don úinéir toiliú a thabhairt).

## CAD IS FÉIDIR LEAT IARRATAS A DHÉANAMH AIR

**NB: NÍ MÓR FOIRGNIMH AGUS STRUCHTÚIR GHAOLMHARA EILE A BHEITH SUITE AR GHABHÁLTAS ATÁ RANNPHÁIRTEACH I**

### *Foirgnimh Incháilithe*

- Foirgnimh thraidisiúnta feirme a tógadh roimh 1960 le haghaidh úsáide a bhaineann leis an talmhaíocht, agus a tógadh ag baint úsáide as modhanna agus ábhair thraidisiúnta na tréimhse sin amhail adhmad, bríce, cloch, cré, scláta nó tuí agus a úsáideadh, nó atá fós in úsáid, chun críche talmhaíochta;
- Foirgnimh thraidisiúnta eile **AMHÁIN** nuair a léirítear go soiléir go bhfuil talmhaíocht ghníomhach seanbhunaithe in úsáid acu;
- Ní bhreithneofar ar ghnéithe a baineadh, a bhí ann cheana féin (ar nós

foirgnimh a chaill a díon), **ACH AMHÁIN** nuair a mheasann an Chomhairle Oidhreachta go bhfuil cúinsí eisceachtúla i bhfeidhm **agus** má tá fianaise láidir ann, e.g., seanghrianghraif, dá sean-chuma **agus** go bhfuil gá leis **agus** go gcríochnaíonn siad timpeallacht slán seachas sin.

- Ba chóir go mbeadh dea-bhall ar na foirgnimh. Más rud é go bhfuil drochbhail orthu, ní mór iad a dheisiú agus ábhair mharthanacha a bheith acu a chuireann lena gcarachtar.

***Struchtúir Ghaolmhara Eile Incháilithe***

- Struchtúir fheirme traidisiúnta ghaolmhara eile a tógadh roimh 1960 le haghaidh úsáide a bhaineann leis an talmhaíocht, agus a tógadh ag baint úsáide as modhanna agus ábhair thraidisiúnta na tréimhse sin amhail adhmad, bríce, cloch, cré, scláta nó tuí agus a úsáideadh, nó atá fós in úsáid, chun críche talmhaíochta; lena n-áirtear:
- Dromchla clós doirneoige
- Ullórd daingean
- Piara agus/nó geataí iarann buailte i bpáirceanna agus clós feirme
- Áirsí clós fierme
- Ballaí saoirseacht timpeall páirceanna agus clóis feirme
- Cairn aolaigh déanta as chloiche
- Sruth muilinn
- Droichead feirme
- Ní bhreithneofar ar ghnéithe a baineadh, a bhí ann cheana féin, **ACH AMHÁIN** nuair a mheasann an Chomhairle Oidhreachta go bhfuil cúinsí eisceachtúla i bhfeidhm **agus** má tá fianaise láidir ann, e.g., seanghrianghraif, dá sean-chuma **agus** go bhfuil gá leis **agus** go gcríochnaíonn siad timpeallacht slán seachas sin.
- Ba chóir go mbeadh dea-bhall ar na struchtúir ghaolmhara eile. Más rud é go bhfuil drochbhail orthu, ní mór iad a dheisiú agus ábhair mharthanacha a bheith acu a chuireann lena gcarachtar.

***Foirgnimh Neamh-incháilithe agus Struchtúir Ghaolmhara Eile***

- Tithe feirme, foirgnimh chónaithe nó foirgnimh tí, ina bhfuil daoine ina gcónaí faoi láthair nó a bhfuil beartaithe go mbeidh daoine ina gcónaí ann;
- Foirgnimh atá athchóirithe cheana féin go húsáid neamhthalmhaíochta, mar shampla, go húsáid chónaithe nó gnó

neamhthalmhaíochta;

- Foirgnimh thraidisiúnta feirme a bhfuil sé i gceist iad a athchóiriú ina n-úsáid neamhthalmhaíochta le linn shaolré an chomhaontaithe reatha nó laistigh de 5 bliana ó íocaíocht an deontais;
- Foirgnimh thraidisiúnta feirme/struchtúir ghaolmhara eile nach mbeidh faoi úinéireacht ná faoi rialú an iarratasóra do shaolré an chomhaontaithe;
- Foirgnimh atá ina bhfothrach
- Sciobóil féir iarainn rocach;
- Iarfhoirgnimh fheirme i ndiaidh 1960 ar nós sciobóil lataí nó bléanlainn.
- Geataí Iontrála agus piaraí go dtí an Teach
- Tiníl
- Is beag seans go gheobhfaidh ballaí cloiche maoiniú faoin scéim seo toisc go bhfuil obair chothabhála ballaí cloiche mar chuid den scéim ACRES.

***Oibreacha Incháilithe***

Is éard is oibreacha caomhnaithe ann ná na hoibreacha sin a choinníonn carachtar agus sláine na hoidhreachta tógtha trí úsáid a bhaint as teicnící tógála agus deisiúchán comhoiriúnach. Níor cheart na hoibreacha a dhearadh chun cuma na bhfoirgneamh nó struchtúir ghaolmhara eile a nuachóiriú mar go gcuireann caitheamh agus cuimilt na mblianta lena gcarachtar in go leor cásanna. Ina áit sin, ba chóir go mbeadh na hoibreacha an t-íosmhéid is gá, ag déanamh deisiúcháin chun an rud atá mícheart a shocrú ach gan an iomarca oibre a dhéanamh. Ba chóir oibreacha a dhéanamh trí úsáid a bhaint as teicnící agus ábhair thraidisiúnta tógála. Chun tuilleadh comhairle a fháil faoi oibreacha caomhnaithe, téigh i gcomhairle le sraith na Roinne Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Comhairle Oidhreachta anseo: https://www.buildingsofireland.ie/resources/

Seo a leanas liosta de na cineálacha oibre atá beartaithe:

- Scileanna tradisiúnta gabha dhubh a úsáid chun obair dheisiúcháin geata páirce déanta as iarann buailte a dhéanamh
- Ath-phointeáil a dhéanamh i moirtéal aoil nó ithir ar bhallaí foirgneamh, clós feirme, ullórd daingean nó balla teorann
- Deisiú scláta, tuí nó díon iarainn rocach ar scála beag lena n-áirítear a struchtúr;
- Deisiú ballaí cloiche agus cré, nó codanna de bhallaí;

- Athphlástráil ballaí cloiche i bplástar aoil;
- Deisiúcháin struchtúracha chun cosc a chur ar bhallaí a bheith ag claonadh/seasmhacht struchtúrach a chinntiú;
- Doirse nó fuinneoga adhmaid a dheisiú nó a athbhunú nuair is gá;
- Fardorais a dheisiú nó a athnuachan;
- Deisiú an lochta nuair is gá chun seasmhacht struchtúrach a chinntiú;
- Deisiú earraí uisce báistí san áit a bhfuil siad ann cheana féin;
- Oibreacha draenála nuair is gá chun seasmhacht struchtúrach a chinntiú;

- Deisiú agus athseachadán más gá ar dromchla clós doirneoige

**Oibreacha Neamh-incháilithe**

- Oibreacha taobh istigh, seachas na hoibreacha sin a theastaíonn chun seasmhacht struchtúrach a chinntiú;
- Athruithe agus feabhsuithe mura measann an Chomhairle Oidhreachta go bhfuil gá leo;
- Gnáthchothabháil agus miondeisiúcháin;
- Gnéithe feidhmiúla d'aon dáta a athsholáthar
- Oibreacha atá déanta nó ar siúl cheana féin;
- Oibreacha a chosnaíonn faoi bhun thairseach an deontais íosta.
- Aon oibreacha a eascraíonn as imeacht a bheadh inárachais de ghnáth.
- Oibreacha athshuímh/athchóirithe mura measann an Chomhairle Oidhreachta go bhfuiljjjjj cúinsí eisceachtúla i bhfeidhm.
- Any works that are not eligible under the terms and conditions of this grant scheme

## MAOINIÚ

Tá an Scéim á comh-mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ag an Aontas Eorpach. Tá **€1,500,000** leithdháilte ag an Roinn ar an scéim seo in 2025 agus tá sé i gceist go mbeidh thuas go €500,000 den mhéid sin imflálaithe ar son deisiúcháin imlínithe ar leathanach a 4 a mhaoiniú.

Is é €4,000 an t-íosmhéid deontais a thairgfear agus €30,000 an t-uasmhéid. Ní bheidh an deontas níos mó ná 75% de chostas na n-oibreacha ceadaithe. ***(Beidh roinnt deontais níos lú ná 75% de chostas na n-oibreacha ceadaithe).*** Chosnódh an tionscadal is lú a d'fhéadfaí a mhaoiniú thart ar €5,400. Ní fhéadfaidh iarmhéid an mhaoinithe a bheith ó aon fhoinse Stáit eile. Ní féidir maoiniú LEADER a fháil do na hoibreacha caomhnaithe chomh maith le deontas faoin scéim seo. Ní fhéadfaidh cúnamh deontais a bheith iníoctha ach amháin ar na costais eisiacha CBL, is cuma ma tá nó nach bhfuil tú cláraithe le haghaidh CBL. I gcás deontas €10,000 agus thar uimhir chlárúcháin agus uimhir dheimhnithe an Deimhnithe Imréitigh Cánach reatha in ainm an deontaí, beidh

gá leis sula n-íocfar an deontas. Tá iarratasóirí a fuair deontas ón scéim seo cheana fhéin (faoi REPS 4 agus/nó GLAS) cháilithe chun athiarratas a dhéanamh arís. Ní bheidh éínne a bhfaigheann an túsmhéid den deontais, €30,000, faoin sciar seo den scéim (2023-2025) in ann iarratais eile a cuir isteach faoin scéim seo.

Na rátaí le haghaidh saothair féin agus úsáid innealra féin le costáilte laistigh de chostais thagartha náisiúnta reatha na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ba é €15.52 san uair an ráta dá shaothar féin in 2024.

## AN PRÓISEAS IARRATAIS

### *Conas iarratas a dhéanamh*

Ní mór duit iarratas a dhéanamh ar líne ar an scéim deontais seo. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ón **30 Eanáir 2025** trí chóras bainistíochta deontas ar líne na Comhairle Oidhreachta atá lonnaithe anseo: https://www.heritagecouncil.ie/funding/funding-schemes . Ní ghlacfaimid ach le foirmeacha a chuirtear isteach ar líne. Ní chuirimid foirmeacha páipéir ar fáil ná ní ghlacfaimid leo. Chun d'iarratas a bhreithniú, ní mór dúinn d'iarratas ar líne a fháil mar aon leis na doiciméid tacaíochta riachtanacha faoin **10 Márta 2025 ag 5pm.** Ní féidir iarratais nó doiciméid thacaíochta riachtanacha a chur isteach tar éis an ama seo. Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht iomlán as an bhfaisnéis atá san iarratas agus sna doiciméid thacaíochta a cuireadh isteach agus as iarratais a fháil faoin dáta deiridh.

### *Doiciméid Tacaíochta Riachtanacha le cur isteach ar líne:*

**NÍ MÓR** na doiciméid seo a leanas a uaslódáil chun tacú le hiarratas faoin dáta deiridh atá luaite:

1. Léarscáil suímh ionas go bhféadfaimis dul chuig d'fhoirgneamh/struchtúr gaolmhar eile ó bhóthar Réigiúnach
2. Grianghra(i)f soiléire den taobh amuigh;
3. Grianghra(i)f soiléire den taobh istigh (má tá iarratas á dhéanamh ar fhoirgneamh);
4. Grianghra(i)f ghlana d'aon chodanna a bhfuil deisiú de dhíth orthu;
5. Grianghraif shoiléire d'fhoirgneamh nó de struchtúr gaolmhar eile ina thimpeallacht níos leithne.
6. Grianghraif shoiléire d'amharc an phobail **(más freagra dearfach é ar cheist ar iarratas)**
7. Luachan, nó miondealú costais, ina sonraítear ábhair agus costais (Ní mór duit cóipeanna de luachana, meastacháin nó fianaise eile a uaslódáil chun tacú leis na figiúirí agus na costais a sholáthraíonn tú i do buiséid na foirme iarratais ar líne.
8. Toiliú an úinéara (de réir mar is cuí).

Ní féidir faisnéis bhreise nach bhfuil ar an liosta seo a chur isteach **ach amháin** más ábhartha é. **Fan leis an gcniotáil!**

## SCAGADH

Déantar gach iarratas a scagadh ar dtús chun incháilitheacht agus iomláine a chinntiú mar seo a leanas:

- An bhfuil an t-iarratas comhlánaithe go hiomlán?
- An bhfuil an t-iarrathóir incháilithe iarratas a dhéanamh?
- An bhfuil an t-eolas tacaíochta ábhartha ceangailte leis an iarratas?
- An bhfuil an foirgneamh/struchtúr gaolmhar eile incháilithe?
- An bhfuil an úsáid/obair atá beartaithe incháilithe?

**Tábhachtach:** Diúltófar d'iarratais nach gcomhlíonann na riachtanais thuas ar na forais seo agus ní dhéanfar measúnú breise orthu. Cinnfidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara incháilitheacht maidir le rannpháirtíocht le linn an phróisis mheasúnaithe.

## AN PRÓISEAS MEASÚNAITHE

Déanfaidh an Chomhairle Oidhreachta athbhreithniú ar dtús ar iarratais a théann thar chéim an scagtha agus cuirfear moltaí faoi bhráid painéil ina mbeidh saineolas inmheánach agus seachtrach le haghaidh measúnú deontais. Beidh oifigeach ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara mar bhreathnóir. Déanfar gach iarratas a mheas faoi na critéir roghnúcháin ualaithe seo a leanas:

| | **Scór** |
|---|---|
| 1. *Leas oidhreachta an fhoirgnimh/struchtúr gaolmhar eile* | *20* |
| 2. *Tionscadal a léireoidh an leas is fearr don phobal, lena n-áirítear luach tírdhreacha* | *20* |
| 3. *Luach gnáthóige nó acmhainneacht* | *20* |
| 4. *Maolú ar an Athrú Aeráide/Inbhuanaitheacht Chomhshaoil* | *20* |
| 5. *An Luach is Fearr lena n-áirítear luach ar airgead.* | *20* |

Is é 60 an marc cáilitheach íosta. Ós rud é gur próiseas iomaíoch iarratais é seo roghnófar na tionscadail thosaíochta is airde i gcomhréir leis an mbuiséad maoinithe atá ar fáil. Bainfear úsáid as scoráil caighdeánaigh más gá. Féadfar

ualú a chur i bhfeidhm ar na critéir chun na feidhmchláir sin a chur chun cinn a bhfuil an tairbhe is airde bithéagsúlachta, tírdhreacha agus comhshaoil acu.

**Féach Aguisín 1 ag deireadh le haghaidh tuilleadh eolais ar na critéir roghnúcháin.**

Má ghearrann an painéal do thionscadal le haghaidh deontais, is féidir go scríobhfar chugat chun a iarraidh go gcuirfí tuilleadh eolais bhreise (amhail sonraíocht chaomhnaithe ó chomhairleoir caomhantais agus/nó costais athbhreithnithe etc.) ar fáil. Tabharfar spriocdháta duit le cur isteach le haghaidh aon fhaisnéis bhreise a iarrtar agus mura gcuirfear d'iarratas ar fáil, dúnfar é mura gcomhaontaítear a mhalairt.

Cuirfear moltaí an phainéil shaineolaithe faoi bhráid Bhord na Comhairle Oidhreachta lena gceadú go críochnaitheach. Tuairisceofar don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus ina dhiaidh sin cuirfear gach iarratasóir ar an eolas faoi chinneadh i scríbhinn.

Ní dhéanfar iarratais nár éirigh leo a dhéanamh go dtí na blianta ina dhiaidh sin den scéim deontais. Is é an t- iarratasóir a íocfaidh aon chostas a thabhaítear i ndáil le haon ghné den phróiseas iarratais.

## TAIRISCINTÍ MAOINITHE LENA N-ÁIRÍTEAR FAISNÉIS FAOI THÉARMAÍ AGUS COINNIOLLACHA

Déanfaimid teagmháil i scríbhinn le gach iarratasóir faoi dheireadh **mhí na Bealtaine 2025** chun comhairle a chur ar thoradh na n-iarratas. Má éiríonn le d'iarratas, beidh ort aontú le Téarmaí agus Coinníollacha. Féach ar https://www.heritagecouncil.ie/projects/traditional-farm-buildings-grant-scheme le haghaidh cóip de Théarmaí agus Coinníollacha caighdeánacha na scéime deontais seo.

Má éiríonn le d'iarratas, beidh tú freagrach as na costais go léir a bhaineann leis an tionscadal. Beidh coicís ag iarratasóirí a n-éireoidh leo an Chomhairle Oidhreachta a chur ar an eolas faoina gcinneadh glacadh le deontas nó diúltú dó.

Beidh go dtí an chéad sheachtain de **Mhí na Samhna 2025** do thionscadal a chur i gcrích mura bhfuil cúinsí fiadhúlra i bhfeidhm (m.sh., ialtóga) nuair is féidir síneadh gearr a dheonú.

## AN CHAOI A N-ÍOCTAR AN DEONTAS

Déanann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gach íocaíocht deontais faoin scéim seo. Molfar do thionscadal don Roinn le haghaidh íocaíocht deontais tar éis dúinn measúnú a dhéanamh ar obair an tionscadail agus a fháil amach go bhfuil sé sásúil, chomh maith le do chomhlíonadh le coinníollacha na scéime. Beidh an moladh sin bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Cigireacht agus athbhreithniú na Comhairle Oidhreachta ar chomhlíonadh coinníollacha
- Deimhniúchán comhlíontacht éiteas caomhnaithe an comhairleoir chaomhnú
- Do thuarascáil deiridh mhionsonraithe curtha isteach faoin spriocdháta
- Cóipeanna de na híocaíochtaí go léir a bhaineann leis an tionscadal a cuireadh isteach faoin spriocdháta

Faoi rialacha na Roinne Airgeadais, tá dualgas orainn cruthúnas íocaíochta a lorg ó dheontaithe. Cuirfear iarratasóirí a n-éireoidh leo ar an eolas faoi aon athruithe ar riachtanais.

## CANBHASÁIL

Dícháileofar iarratas go huathoibríoch le canbhasáil TDanna, Seanadóirí nó Comhairleoirí Cathrach/Contae thar ceann aon Iarratasóra. Ní chuireann sé seo cosc ar iarratasóirí comhairle nó litreacha tacaíochta a lorg óna nOifigeach Oidhreachta áitiúil ná ó aon chomhlacht ábhartha eile.

## AGUS CUIMHNIGH LE DO THOIL…

Ní mór dúinn d'iarratas ar líne a fháil mar aon leis na doiciméid tacaíochta riachtanacha faoin **10 Márta 2025 ag 5 i.n**.

Iarraimid, más feidir, go cuirfear aon ceist orainn go leictreonachionas go mbeidh muid in ann freagair a tabhairt go pras.

Má tá ceisteanna agat tar éis duit an doiciméad seo a léamh, seol ríomhphost chuig:
ameenan@heritagecouncil.ie, nó glao 056 7770777 nó 086 0259202

Guímid gach rath ort le d'iarratas.

An Chomhairle Oidhreachta, Áras na hOidhreachta, Lána na hEaglaise, Cill Chainnigh R95 X264

# AGUISÍN 1

Maitrís Scórála don Sciar 10

Déanfaidh painéal ina mbeidh saineolas inmheánach agus seachtrach athbhreithniú ar gach iarratas incháilithe, a dhéanfaidh a chinntí bunaithe ar na critéir seo a leanas agus a dhéanann scóir dá réir. Tá barrscór de 20 ag gach ceann de na critéir. Is é 60 an marc cáilitheach íosta. Is próiseas iomaíoch iarratais é seo. Rangófar iarratais ar an leibhéal is ísle agus roghnófar na tionscadail thosaíochta is airde i gcomhréir leis an mbuiséad maoinithe atá ar fáil. Bainfear úsáid as scoráil caighdeánaigh más gá. Féadfar ualú a chur i bhfeidhm ar na critéir chun na feidhmchláir sin a chur chun cinn a bhfuil an tairbhe is airde bithéagsúlachta, tírdhreacha agus comhshaoil acu.

1. **Leas Oidhreachta**

Má tá aon eolas agat ar an bhfoirgneamh nó ar struchtúr gaolmhar eile a cheapann tú atá tábhachtach, cuir in iúl dúinn. D'fhéadfadh sé, mar shampla, a bheith tipiciúil nó neamhchoitianta, aisteach, nó sampla den scoth de chineál áitiúil sa cheantar ina bhfuil sé suite. B'fhéidir go bhfuil sé ornáideach nó deartha ó thaobh na hailtireachta de, mar shampla, le fáil ar fheirm mhúnla, nó i dtailte páirce nó i dtírdhreacha deartha. D'fhéadfadh go mbeadh síniú an ghabha ag geata iarainn saoirsithe a bhrionnaigh é; d'fhéadfadh go mbeadh cé cloiche de chineál sainiúil áitiúil. Cé nach féidir oibreacha ar an taobh istigh d'fhoirgneamh a bheith san áireamh sa scéim deontais de ghnáth, d'fhéadfadh gnéithe inmheánacha a bheith ann (amhail boscaí scaoilte do chapaill) a chuireann lena nádúr uathúil. Tá suim ar leith ag an gComhairle Oidhreachta i bhfoirgnimh feirme le díonta tuí. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag leas oidhreachta foirgnimh nó struchtúir ghaolta eile mura ndearnadh é a chothabháil go rialta agus go maith.Is féidir le grianghraif cabhrú le béim a leagan ar ghnéithe a bhfuil suim acu iontu agus ina ndearnadh cothabháil roimhe seo.

2. **Tionscadal a léireoidh an leas is fearr don phobal, lena n-áirítear luach tírdhreacha**

Déanann an scéim deontais iarracht léirthuiscint an phobail ar an oidhreacht a ardú agus ní mór d'iarratas a thaispeáint go mbeidh tairbhe láidir ag an bpobal as do thionscadal. D'fhéadfadh sé a bheith i bhfianaise na tuaithe atá inrochtana ag an bpobal. Ba chóir go gcuirfeadh sé le carachtar tírdhreacha an cheantair. Má d'óstáil d'fheirm sraith imeachtaí poiblí rialta thar na blianta agus má leanann sí ar aghaidh, cuir in iúl dúinn. B'fhéidir go mbeidh

tú sásta lá taispeántais scileanna traidisiúnta a óstáil ar d'fheirm nó imeacht don tseachtain oidhreachta. Más ea, abair é sin le do thoil. An bhfuil tú sásta alt nó agallamh a chur le do nuachtán áitiúil nó náisiúnta nó le foinse meán eile, nó blag nó gné a scríobh i ngearrscannán? Más ea, cuir in iúl dúinn le do thoil. Is féidir tuilleadh comhairle a fháil maidir le cumarsáid agus teagmháil a dhéanamh leis an bpobal agus imeachtaí nó tionscadail phleanála a fháil anseo: https://www.heritageweek.ie/ Is iad na feidhmchláir is fearr a léiríonn an méid thuas an scór is airde.

### 3. Luach Gnáthóige nó Acmhainneacht

Is minic a sholáthraíonn foirgnimh thraidisiúnta feirme gnáthóga tábhachtacha fiadhúlra nach ndéantar a mhacasamhlú go héasca má scriostar na seanfhoirgnimh. Is minic a fhaightear ialtóga agus ulchabháin i bhfoirgnimh chlóis feirme. Inis dúinn faoi na héin a neadaíonn i d'fhoirgneamh nó má fhanann ialtóga ann. Is feidir le speiceas plandaí a bhí coitianta ach is annamh iad anois tearmann a fháil i ballaí agus obair cloiche. D'fhéadfadh sé a bheith i limistéar atá ainmnithe mar limistéar oidhreachta nádúrtha, limistéar faoi chosaint speisialta, limistéar caomhantais speisialta, anaclann dúlra nó ainmniú fiadhúlra a bheith aige. An ndearna tú aon ghníomhartha atá cairdiúil don phailneoir? Más ea, ba mhaith linn a fháil amach. Má tá aon rud déanta agat chun luach gnáthóige d'fhoirgnimh nó d'fheirme a fheabhsú (mar shampla boscaí ialtóg/éan suiteáilte, neadacha éan coinnithe i bhfoirgneamh nó in aon obair eile atá cairdiúil don fhiadhúlra) cuir in iúl dúinn. Is féidir le grianghraif cabhrú le haird a tharraingt ar aon obair atá cairdiúil don fhiadhúlra atá déanta agat**. Scórálfaidh gníomhartha a théann os cionn agus níos faide ná na bearta a shonraítear i bpleananna eagsula níos airde.**

### 4. Maolú ar an Athrú Aeráide/Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

Laghdaíonn coinneáil, úsáid agus deisiú foirgneamh agus struchtúir ghaolmhar eile atá ann cheana giniúint dramhaíola, caomhnaíonn sé an fuinneamh atá corpraithe sna bunábhair thógála agus sa tógáil, agus mar sin tá sé ar mhaithe le hinbhuanaitheacht níos leithne. Tá úsáid mhaith as an bhfoirgneamh nó as struchtúr gaolmhar eile do chúrsaí na feirme tábhachtach. B'fhéidir gur bhain tú úsáid as sean-gheall nó áit chónaithe le fada mar cheardlann feirme. B’fhéidir gur shábháil tú sean geata a bhí ina luí sa claí agus a bhfuil ina sheasamh i clós feirme anois. Baineann úsáid leanúnach an tseanspás úsáid den scoth as acmhainní tíosacha. Tá sciar measartha ard de na hábhair a úsáidtear i gcaomhnú le fáil in Éirinn. Ba

chóir cloch a thógáil i gcónaí ón bhfoinse chuí is gaire, agus is féidir aol saille agus talamh a aimsiú in Éirinn. Is féidir ábhair tuí a aimsiú go háitiúil freisin. Iompórtáiltear beagnach gach scláta nua a úsáidtear in Éirinn le haghaidh dín ach is minic a bhíonn athúsáid agus deisiú cuid mhaith den scláta dín ar an bhfoirgneamh feirme atá ann cheana féin indéanta**.** Is iondúil gur athúsáid den scoth na n-acmhainní atá ann cheanna féin agus is fearr é ná athsholáthar**.** Beidh scór níos airde ag gníomhartha a théann thuas agus níos faide ná iad siúd a tugadh faoi deara anseo.

## 5. An Luach is Fearr lena n-áirítear luach ar airgead

Beidh an scór is airde anseo ag na tionscadail sin is fearr a léiríonn na ceithre chritéar thuas agus príomhchuspóir na scéime. Is é príomhchuspóir na scéime seo a chinntiú go gcaomhnaítear foirgnimh thraidisiúnta feirme agus struchtúir ghaolmhara eile a chuireann le carachtar an tírdhreacha, agus a bhfuil luach suntasach oidhreachta ag baint leo, lena n-úsáid talmhaíochta. D'fhéadfadh suimeanna níos mó airgid a bheith ag teastáil amach anseo d'fhoirgnimh atá tar éis titim i léig agus/nó a bhfuil úsáid éiginnte acu. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí tairbhe an chistithe tosaigh a chailleadh go han-tapa agus gan luach maith ar airgead a bheith ir

gceist. Is dóichí go dtabharfar aire d'fhoirgneamh dea-úsáidte. Tá níos mó seans go cuirfear pheint ar gata atá á úsáid. Tá níos mó seans gur tabharfar aire de ullórd atá torthaí, glasraí nó barr eile cuirtha ann. Is féidi na struchtúir seo a choinneáil san fhadtéarma le cistí teoranta agus is infheistíocht mhaith iad do chúnamh deontais. Breithneoidh an Chomhairle Oidhreachta freisin an í an scéim an deontas is oiriúnaí chun an foirgneamh/struchtúr gaolmhar eile a chaomhnú.